

Tá gá mór le haistritheoirí agus le hateangairí sa lá atá inniu ann – sa tionscal foilsitheoireachta (téacsleabhair scoile do COGG san áireamh), sa riarachán poiblí, in institiúidí stáit agus san Aontas Eorpach. Tá gá le dlítheangeolaithe chomh maith, a bhíonn ag obair san Aontas Eorpach go príomha, i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ach sa Chomhairle, sa Pharlaimint agus sa Choimisiún ansin freisin. Cuirtear réimse leathan cúrsaí ar fáil – idir chlár Dhiplóma, Fochéime agus larchéime – chun freastal ar na riachtanais sin.

Seo samplaí de na cúrsaí a chuirtear ar fáil:

Cód	Cúrsa	Cáilíocht	Institiúid/Ollscoil	Cód QR
DN530	Teanga, Litríocht & Aistriúchán	BA	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)	
GY136	Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin	BA	Ollscoil na Gaillimhe	
	Gaeilge Fheidhmeach & Aistriúchán	Ard-Diplóma	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Europus, An Cheathrú Rua)	
	1 Dlítheangeolaíocht 2 An tAistriúchán Dlíthiúil	Ard-Diplóma	Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath 1	
	Ateangaireacht Chomhdhála	MA/Ard-Diplóma	Ollscoil na Gaillimhe	
	Léann an Aistriúcháin	MA	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
	Léann an Aistriúcháin	MA	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)	
	Aistriúchán & Ateangaireacht Ghaeilge & Scileanna Teanga Proifisiúnta	MA	Ollscoil Uladh	
	Léann an Aistriúcháin	MA	Ollscoil na Gaillimhe	
	Léann an Aistriúcháin	Teastas larchéime	Ollscoil na Gaillimhe	
	An tAistriúchán agus an Eagarthóireacht	Diplóma larchéime	Ollscoil Mhá Nuad	
	Aistriúchán	Diplóma larchéime	Coláiste na hÉireann/ Gaelchultúr	

Is fiú tuilleadh taighde a dhéanamh ar na scéimeanna thíos má tá tú ag smaoineamh ar ghairm san aistriúchán...

Scéim Intéirneachta Rialtas na hÉireann

Tréimhsí Oiliúna Schuman



Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí Gaeilge: Comórtas Fhoras na Gaeilge. Cáilíocht ghairmiúil is ea é seo d'aistritheoirí: www.forasnagaeilge.ie

Dlítheangeolaíocht

Le bheith i do dhlítheangeolaí, ní mór céim iomlán sa dlí a bhaint amach, nó cáilíocht a bheith agat mar atur nae nó mar abhcóide in Éirinn. Tabhair faoi deara go bhfuil cumas sa Fhraincis ag teastáil má tá céimí dlí ag iarraidh a bheith ag obair sa Chúirt Bhreithiúnais san Eoraip. Ní theastaíonn cáilíocht ar leith sa teanga sin ach bíonn scrúdú aistriúcháin i gceist. Bíonn tréimhsí oiliúna ar fáil gach bliain freisin agus is deis mhaith iad na tréimhsí sin chun blaiseadh a fháil den obair a dhéanann an dlítheangeolaí thall.





MA Léann an Aistriúcháin, DCU

“Is cúrsa aon bhliain í an Mháistreacht i Léann an Aistriúcháin le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Tugtar an deis do mhic léinn barr feabhais a chur ar a gcruinneas Gaeilge agus foghlaim faoi gach uile ghné de ghairm an aistritheora; cúrsaí téarmaeolaíochta, teicneolaíochta agus teoriciúla san áireamh. Bíonn sé de rogha agat intéirneacht nó tráchtas a dhéanamh le linn an tsamhraidh agus freastal ar réimse leathan modúl; an t-aistriúchán closamhairc, an ateangaireacht agus an logánú ina measc. Bíonn fáil agat ar an oiread sin gairmeacha éagsúla i ndiaidh an chúrsa agus cuirtear lascaire ar fáil do dhaoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu chomh maith.”

– Méabh Ní Shluáin

Ról an Aistritheora: Tadhg Ó Duinnshléibhe, Aistritheoir i bParlaimint na hEorpa

“Táim féin lonnaithe i Lucsamburg, agus cathair álainn is ea í. Is deis iontach í a bheith thar lear, a bheith ag maireachtaint i dtír eile lena cultúr féin, chun bualadh le daoine nua, cairdeas a fhorbairt agus teangacha nua a fhoghlaim.

Rinne mé céim sna teangacha feidhmeacha in Ollscoil Luimnigh, agus ansin bhain mé Máistreacht amach ó Ollscoil na Gaillimhe sa Léann Teanga. Rinne mé tréimhse oiliúna ar a dtugtar ‘Scéim an Rialtais’ agus ba mhór an chabhair í dom chun mé a ullmhú do ról an aistritheora. Gach lá, aistrím doiciméid, rúin agus a thuilleadh nach iad, ó Bhéarla, ó Spáinnis agus ó Fhraincis go Gaeilge.

Is gairm dhúshlánach é ról an aistritheora ach is gairm í a bhfuil an-chuid sásaimh le baint aisti!”



Séamus Ó Coileáin, Léachtóir le hAistriúchán agus Aistritheoir, Roinn an Aistriúcháin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OG

“Táim ag aistriú le 30 bliain agus is breá liom é – an dúshlán a bhaineann le teacht ar bhealach le rud i dteanga eile a chur in iúl go cruinn agus go nádúrtha i nGaeilge agus vice versa. Faighim eolas agus tuiscint ar gach cineál ábhair agus bíim ag cur le mo chumas sa Bhéarla agus sa Ghaeilge go háirithe de shíor óir ní mór an dá theanga a thuiscint go mion chun abairt i gceann amháin a chur in iúl sa cheann eile. Is féidir an obair a dhéanamh áit ar bith ar domhan ach teacht a bheith ag duine ar ríomhaire agus ar an idirlíon agus tá go leor áiseanna agus ríomhchlár anois ann a chabhraíonn go mór leis an tasc. Is iontach an ghairm é do dhuine a bhfuil spéis aige nó aici i dteangacha agus sna difríochta agus na cosúlachtaí atá eatarthu agus i bhfocail.”

ACADAMH



Oifigí Seirbhísí Aistriúcháin
i Lucsamburg



‘Aistritheoirí Óga’ 2025



Téacsleabhair de chuid COGG



Is iad Tithe an Oireachtais – Dáil Éireann agus Seanad Éireann – parlaimint náisiúnta na hÉireann. Is é príomhfheidhm an Oireachtais dlíthe a dhéanamh. Toghaíonn an tOireachtas an Rialtas freisin agus ceadáíonn sé maoiniú do Ranna Rialtais.

Tacaíonn os cionn 600 státseirbhíseach le feidhmiú an Oireachtais i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath. Oibríonn cuid mhór den fhoireann in oifigí níos imeachta ar nós Oifig na mBillí, Oifig na nImeachtaí, Oifig na gCeisteanna agus Oifig na nDíospóireachtaí. Bíonn comhaltaí foirne eile ag tacú leis an Oireachtas trí sheirbhísí, m.sh, TFC, craolachán, lónadóireacht, slándáil, comhairle dlí, airgeadas, taighde agus aistriúcháin.



Rannóg an Aistriúcháin

Is cuid de Sheirbhís Thithe an Oireachtais í Rannóg an Aistriúcháin. Cuireadh seirbhísí aistriúcháin ar fáil sa Chéad Dáil agus bhunaigh Saorstát Éireann an Rannóg go foirmiúil breis is 100 bliain ó shin. Soláthraíonn foireann na Rannóige seirbhísí rithabhachtacha don Oireachtas. Ar na seirbhísí sin, tá na cinn seo a leanas:

- » Achtanna agus doiciméid oifigiúla eile a aistriú – féach www.aachtanna.ie
- » Ateangaireacht chomhuaineach ar shuíonna na Dála, an tSeanaid agus na gCoistí a chur ar fáil
- » An Ghaeilge a chur chun cinn i measc phobal an Oireachtais trí straitéisí dátheangachais a chur chun cinn, leabharlann Ghaeilge a bhainistiú, agus imeachtaí dátheangacha agus aoi-léachtaí a eagrú;
- » Tacaíocht a thabhairt chun córais Ghaeilge TFC a fhorbairt agus a chur i ngníomh mar chuid de chlár um chlaohlú digiteach.

Earcaíonn Rannóg an Aistriúcháin na sainróil seo:

Grád	Cáilíocht
Aistritheoir Grád III	Leibhéal 7 in aon ábhar
Aistritheoir Grád II	Leibhéal 7 in aon ábhar
Aistritheoir Grád I	Leibhéal 7 in aon ábhar
Ateangaire Grád III	Leibhéal 7 in aon ábhar agus/nó MA/DI san Ateangaireacht Chomhdhála
Ateangaire Grád II	Leibhéal 7 in aon ábhar agus/nó MA/DI san Ateangaireacht Chomhdhála

An Caighdeán Oifigiúil

Sa chéad leath den 20ú haois, bhí éagsúlacht litrithe agus foirmeacha sa Ghaeilge.

Sna 1930idí, iarradh ar Rannóg an

Aistriúcháin foirm scríofa na teanga a chaighdeánú. De thoradh na hoibre sin, foilsíodh an Caighdeán Oifigiúil in 1958, agus is é an leagan athbhreithnithe den Chaighdeán sin a mhúintear anois i scoileanna ar fud na tíre. Tá Rannóg an Aistriúcháin freagrach as an gCaighdeán Oifigiúil a athbhreithniú agus a fhoilsiú.



Eolas faoi Rannóg an Aistriúcháin:



Eolas faoi stair na Gaeilge san Oireachtas:





Agallamh le Laura Winters, Aistritheoir i dTithe an Oireachtais

“In 2019, chinn mé ar ghairm na múinteoireachta a fhágáil chun dul le gairm nua mar aistritheoir Gaeilge i dTithe an Oireachtais. Bhí staidéar déanta agam ar an nGaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus bhí mé ag múineadh Gaeilge le tamall de bhlianta anuas. Ba é rún mo chroí, áfach, a bheith i m’aistritheoir Gaeilge lánaimseartha. Thug mé faoin Ard-Diplóma san Aistriúchán Dlíthiúil in Óstaí an Rí in 2015 agus bhí ríméad orm gur éirigh liom post a fháil mar Aistritheoir anseo i Rannóg an Aistriúcháin in 2019. Ba é sin an cinneadh ab fhearr dá ndearna mé riamh ó thaobh gairme de.

Bainim an-sásamh as an obair a dhéanaim: is cuma cé acu is ag aistriú reachtaíochta atá mé nó i mo shuí dom sa bhoth agus mé réidh chun ateangaireacht a dhéanamh ar óráidí Teachtaí Dála nó Seanadóirí sna Tithe. Oibrím mar chuid d’fhoireann chairdiúil ionchuimsitheach agus braithim go bhfuil fáilte roimh mo thuairimí. Bíim ag tnúth le teacht chun na hoibre i dtimpeallacht pholaitiúil spreagúil ina mbíonn éagsúlacht ag baint le gach lá. Obair ilchineálach, dhúshlánach, thairbheach atá ann. Tá paisean agamsa agus ag mo chomhghleacaithe don Ghaeilge, agus tá mé fós ag fás agus ag forbairt mar aistritheoir in ionad oibre atá bríomhar agus a bhíonn ag athrú i gcónaí.”

Tá sé ina sprioc straitéiseach de chuid Thithe an Oireachtais go bhfásfaidh a n-acmhainn mar pharlaimint dhátheangach. Is minic a ghlacann an tOireachtas le cainteoirí Gaeilge i ngach grád ó phainéil a earcaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don Státseirbhís, agus reáchtálann siad comórtais dá gcuid féin le haghaidh cainteoirí dátheangacha sna rólí seo:

Grád	Cur síos	Cáilíocht	Cód
Tuairisceoir Parlaiminte	Tá na tuairisceoirí freagrach as tuairisc oifigiúil na Dála, an tSeanaid agus na gCoistí a thiomsú. Oireann an post seo go mór do dhaoine a bhfuil sárscileanna scríbhneoireachta agus eagarthóireachta acu agus a bhfuil an mionchruinneas i measc a gcuid scileanna.	Leibhéal 8 in aon ábhar	
Uiséir Parlaiminte	Soláthraíonn uiséirí slándáil ríthábhachtach ag Teach Laighean, stiúrann siad cuairteoirí ar turas agus freastalaíonn siad ar an gCeann Comhairle agus ar Chléirigh na dTithe. Oireann an post seo go mór do dhaoine a bhfuil spéis acu i bpolaitíocht agus i stair na hÉireann agus a bhfuil sárscileanna idirphearsanta acu.	Bunaithe ar scileanna agus ar thaithí	



Arbh eol duit?

Cuirtear clár taithí oibre ar fáil do dhaltai Idirbhliana, chomh maith le plananna ceachta agus comhdhálacha beo leis an gCeann Comhairle!

